

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHA NÓS IMEACHTA

### CINNEADH ÓN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

an 2 Aibreán 2019

**maidir le rialacha inmheánacha a bhaineann le srianta ar chearta áirithe daoine is ábhar do na sonraí i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ (MECS),

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar dhaoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin (dá ngairtear “an Rialachán” anseo feasta), lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE <sup>(1)</sup>, agus go sonrach Airteagal 25 agus Caibidil VI de,

Tar éis dul i gcomhairle le Rúnaíocht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis an gcinneadh seo, de réir Airteagal 41(2) den Rialachán,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Féadfaidh MECS, i gcomhthéacs a fheidhmithe, fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamharaíonachta, araíonachta agus smachtaithe a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 86 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh <sup>(2)</sup> agus i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leo, chomh maith le Cinneadh ón MECS an 23 Aibreán 2015 lena nglactar forálacha cur chun feidhme maidir le fiosrúcháin riaracháin agus imeachtaí araíonachta a dhéanamh, chomh maith leis an gComhaontú Seirbhíse a bhaineann leis an gcomhoibriú idir Ardstúirthóireacht Acmhainní Daonna an Choimisiúin Eorpaigh agus MECS, arna shíniú an 29/1/2016, agus féadfaidh sé cásanna a chur in iúl do IDOC nó OLAF, a thugann le fios próiseáil faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta.
- (2) Tá sé d’oibleagáid ar bhail foirne MECS gníomhaíochtaí neamhdhleathacha féideartha a thuairisciú, lena n-áirítear calaois nó éilliú, atá dochrach do leasanna an Aontais, nó iompar a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh, ar gníomhaíochtaí iad a d’fhéadfadh a bheith ina loiceadh tromchúiseach ag oifigigh an Aontais dualgais a chomhlíonadh. Déantar é seo a rialú le Cinneadh MECS an 14 Meitheamh 2016 ar rialacha inmheánacha a bhaineann le sceithireacht.
- (3) Tá beartas leagtha amach ag MECS chun cosc a chur le cásanna iarbhír nó féideartha de chiapadh síceolaíoch nó de ghnéaschiapadh san ionad oibre, agus chun déileáil go héifeachtach agus go héifeachtúil leo, de réir mar a fhoráiltear ina Chinneadh an 10 Nollaig 2014 lena nglactar bearta cur chun feidhme maidir le hAirteagail 12a agus 24 de na Rialacháin Foirne maidir leis an nós imeachta a bhaineann le frithchiapadh. Leis an gCinneadh, bunaítear nós imeachta neamhfhoirmiúil i gcás ina bhféadfadh an íospartach líomhnaithe an chiaptha dul i dteagmháil le comhairleoirí iontaoibhe MECS.
- (4) Láimhseálann MECS, de bhun Airteagal 57(1)(e) den Rialachán, gearáin maidir le gníomhaíochtaí próiseála arna ndéanamh ag na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha. Sa chomhthéacs seo, féadfaidh MECS fiosrúcháin a dhéanamh a bhaineann le hábhar an ggearáin.

<sup>(1)</sup> IO L 295, 21.11. 2018, lch. 39.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CEE, Euratom, ECSC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

- (5) Déanann MECS fiosrúcháin, de bhun Airteagal 57(1)(f) den Rialachán, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin chun a fhíorú go bhfuil sé á chomhlíonadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE.
- (6) Féadfaidh MECS fiosrúcháin a dhéanamh ar sháruithe féideartha d'fhaisnéis EUCI, atá bunaithe ar Chinneadh MECS an 18 Feabhra 2014 lena leasaítear a rialacha maidir le slándáil i gcomhair EUCI.
- (7) Féadfaidh MECS iniúchtaí a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí. Déantar é sin faoi láthair tríd an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (IAS anseo feasta), bunaithe ar an gComhaontú Seirbhíse arna shíniú an 1 Meitheamh 2012, arna athnuachan. D'fhéadfadh an Comhordaitheoir um Rialú Inmheánach é a dhéanamh freisin ina chumas iomlán.
- (8) I gcomhthéacs na gcúraimí a thuairiscítear in Aithrisí 1 go 7, féadfaidh MECS cúnamh agus comhar a sholáthar d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus an méid sin a fháil uathu, mar a leagtar amach i gcomhaontuithe ábhartha seirbhíse, i meabhráin tuisceana agus i gcomhaontuithe comhair.
- (9) Féadfaidh MECS cúnamh agus comhar a sholáthar d'údaráis náisiúnta tríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus an méid sin a fháil uathu, ar iarratas uathu nó ar a thionscnamh féin, dá bhforáiltear in Airteagal 51 den Rialachán.
- (10) Féadfaidh MECS cúnamh agus comhar a sholáthar d'údaráis phoiblí na mBallstát AE, ar iarratas uathu nó ar a thionscnamh féin.
- (11) Bunaithe ar Airteagal 58(4) den Rialachán, d'fhéadfadh MECS páirt a ghlacadh i gcásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun ceist a chur faoi bhráid na Cúirte, chun cinntí a cheistigh MECS a chosaint nó chun idirghabháil a dhéanamh i gcásanna atá ábhartha dá chúraimí.
- (12) I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí thuasluaite, déanann MECS an fhaisnéis ábhartha agus roinnt catagóirí de shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí aitheantais duine nádúrtha, faisnéis teagmhála, róil ghairmiúla agus cúraimí gairmiúla, faisnéis a bhaineann le hiompar agus feidhmíocht príobháideach agus gairmiúil, agus sonraí airgeadais. Feidhmíonn MECS mar rialaitheoir sonraí.
- (13) Tá cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint agus chun rochtain nó aistriú taismeach nó neamhdhleathach a sheachaint, cé acu ndéantar iad a stóráil i dtimpeallacht fhísiciúil nó i dtimpeallacht leictreonach. Tar éis na próiseála, coinnítear na sonraí i gcomhréir leis na rialacha infheidhme coinneála MECS, mar atá sainithe i dtairfid cosanta sonraí atá bunaithe ar Airteagal 31 den Rialachán. Ag deireadh na tréimhse coinneála, déantar an fhaisnéis a bhaineann le cásanna, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a scriosadh, a anaithnidíú nó a aistriú chuig na cartlanna stairiúla.
- (14) Laistigh den chomhthéacs sin, tá sé de cheangal ar MECS an oibleagáid atá air a chomhlíonadh maidir le faisnéis a sholáthar do dhaoine is ábhar do na sonraí i ndáil leis na gníomhaíochtaí próiseála thuas agus aird a bheith aige ar chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, mar atá leagtha síos sa Rialachán.
- (15) D'fhéadfadh go mbeadh riachtanas ann comhréiteach a dhéanamh idir cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí de bhun an Rialacháin agus riachtanais na ngníomhaíochtaí thuasluaite, agus aird iomlán á tabhairt ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí dhaoine eile is ábhar do na sonraí. Chuige sin, foráiltear in Airteagal 25 den Rialachán, faoi choinníollacha dochta, go bhféadfaí cur i bhfeidhm Airteagal 14 go 20, 35 agus 36 a shrianadh, chomh maith le hAirteagal 4, sa mhéid is a chomhfhreagraíonn a na forálacha ann do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 20. Sa chás sin, is gá rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina bhféadfaidh MECS na cearta sin a shrianadh i gcomhréir leis an Airteagal céanna den Rialachán.
- (16) D'fhéadfadh gur amhlaidh a bheadh an scéal go háirithe nuair atá faisnéis faoi phróiseáil sonraí pearsanta á cur ar fáil don duine is ábhar do na sonraí ag céim an réamh-mheasúnaithe d'fhiosrúchán riaracháin, nó le linn an fhiosrúcháin é féin, sula ndéanfaí an cás a dhíbhe nó ag céim réamhsmachtaithe. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an soláthar d'fhaisnéis den chineál sin cur isteach go mór ar chumas MECS an fhiosrúcháin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, i gcás, mar shampla, ina bhfuil baol ann fianaise a bheith scriosta ag an duine lena mbaineann nó go rachadh sé/sí i bhfeidhm ar fhinné féideartha sula gcuirfí faoi agallamh é/í. Ina theannta sin, b'fhéidir go mbeadh ar MECS a chearta agus a shaoirsí féin a chosaint chomh maith le cearta agus saoirsí daoine eile lena mbaineann a chosaint.

- (17) B'fhéidir go mbeadh gá ann rúndacht finné nó sceithire a d'iarr rúndacht a chosaint. Sa chás sin, féadfaidh MECS cinneadh a dhéanamh srian a chur le rochtain ar chéannacht, ar ráitis agus ar shonraí pearsanta eile an sceithire agus dhaoine eile lena mbaineann, d'fhonn a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (18) B'fhéidir go mbeadh gá ann rúndacht ball foirne a chosaint, ar duine é/í a chuaigh i dteagmháil le comhairleoirí iontaoibhe MECS i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha. Féadfaidh MECS, i gcás den chineál sin, cinneadh a dhéanamh srian a chur le rochtain ar chéannacht, ar ráitis agus ar shonraí pearsanta eile an íospartaigh líomhnaithe, déantóir líomhnaithe an chiaptha agus dhaoine eile lena mbaineann, d'fhonn a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (19) Agus gearáin á láimhseáil aige maidir le gníomhaíochtaí próiseála a dhéanann na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar MECS, i gcúinsí áirithe, éifeachtacht a chuid fiosrúchán a chaomhnú agus, de réir mar is gá, daoine lena mbaineann agus a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (20) Agus fiosrúcháin á ndéanamh aige ar chur i bhfeidhm an Rialacháin chun a fhíorú go bhfuil an Rialachán á chomhlíonadh ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar MECS, i gcúinsí áirithe, éifeachtacht a chuid fiosrúchán a chaomhnú agus, de réir mar is gá, daoine lena mbaineann agus a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (21) Agus fiosrúcháin á ndéanamh aige ar shárúithe féideartha faisnéise EUCI, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar MECS, i gcúinsí áirithe, éifeachtacht a chuid fiosrúchán a chaomhnú agus, de réir mar is gá, slándáil inmheánach instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a chosaint, lena n-áirítear a gcuid líonraí cumarsáide leictreonacha, mar aon le cearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann.
- (22) Agus cúnaimh agus comhar á soláthar d'instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, d'údarais phoiblí na mBallstát AE, d'údarais náisiúnta tríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcomhthéacs na gníomhaíochtaí thuasluaite, nó sa chás go bhfuil an méid céanna á fháil uathu siúd, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar MECS, i gcúinsí áirithe, éifeachtacht a chuid fiosrúchán a chaomhnú nó éifeachtacht na bhfiosrúcháin atá déanta ag an eintiteas lena gcomhoibríonn sé a chaomhnú agus, de réir mar is gá, daoine lena mbaineann agus a gcearta agus a saoirsí a chosaint.
- (23) Agus cásanna á gcur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh aige, nó idirghabháil á déanamh aige os comhair na Cúirte, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ar MECS rúndacht a chaomhnú i ndáil leis na sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a fuair na comhpháirtithe nó na hidirghabhálaithe i gcomhthéacs an cháis atá i gceist.
- (24) Níor cheart do MECS srianta a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina dtugtar aird ar bhunús na gceart bunúsach agus na saoirsí, agus i gcás ina bhfuil fíorghá leo agus gur beart comhréireach iad i sochaí dhaonlathach. Ba cheart do MECS bonn cirt a thabhairt lena mínítear na forais atá leis na srianta sin.
- (25) Bunaithe ar phrionsabal na cuntasachta, ba cheart do MECS taifead a choinneáil ar chur i bhfeidhm na srianta.
- (26) Agus sonraí pearsanta arna malartú le heagraíochtaí eile i gcomhthéacs a chuid cúraimí á bpróiseáil aige, ba cheart do MECS dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin, agus comhairle a fháil uathu, maidir leis na forais ábhartha féideartha chun srianta a chur i bhfeidhm agus riachtanas agus comhréireacht na srianta, seachas go gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí MECS i mbaol.
- (27) Le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, cuirtear d'obleagáid ar an rialaitheoir daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna lena bunaíodh cur i bhfeidhm an tsriain agus faoina gceart gearán a thaisceadh le MECS;
- (28) De bhun Airteagal 25(8) den Rialachán, féadfaidh MECS soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna a bhí le srian a chur i bhfeidhm ar an duine is ábhar do na sonraí, sa chás go gcealófaí éifeacht an tsriain ar bhealach ar bith tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart do MECS a mheas, ar bhonn cás ar chás, cé acu an ndéanfaí éifeacht an tsriain a chealú lena chur in iúl.
- (29) Ba cheart do MECS deireadh a chur leis an srian a luaithe is nach bhfuil bonn cirt ann leis an srian tuilleadh, agus na coinníollacha sin a mheas ar bhonn rialta.
- (30) D'fhonn an chosaint is mó is féidir a thabhairt do chearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí agus i gcomhréir le Airteagal 44(1) den Rialachán, ba cheart an OCS a chur ar an eolas in am trátha faoi aon srianta atá á gcur i bhfeidhm agus ba cheart dó comhlíonadh an Chinnidh seo a fhíorú.

- (31) Tá cur i bhfeidhm na srianta thuasluaite gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha fhorálacha Airteagal 16(5) agus 17(4) a bhaineann, faoi seach, leis an gceart chun faisnéis a fháil i gcás nach bhfuarthas sonraí ón duine is ábhar do na sonraí, agus le ceart rochtana ag an duine is ábhar do na sonraí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Ábhar agus raon feidhme**

Sa Chinneadh seo leagtar síos rialacha a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh MECS srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 14 go 20, 35 agus 36, mar aon le Airteagal 4 de, atá bunaithe ar Airteagal 25 den Rialachán.

#### *Airteagal 2*

### **Srianta**

1. I gcomhréir le Airteagal 25(1) den Rialachán, féadfaidh MECS srian a chur le hAirteagail 14 go 20, 35 agus 36, mar aon le Airteagal 4 de, sa mhéid is a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go hAirteagal 20, le linn dó:

- (a) fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamharaíonachta, araíonachta agus smachtaithe a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 86 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh <sup>(?)</sup> agus i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leo, chomh maith le Cinneadh MECS an 23 Aibreán 2015, agus féadfaidh sé cásanna a fhógairt do IDOC nó OLAF. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c), (g)(h) den Rialachán;
- (b) a áirithiú go bhféadfaidh baill foirne MECS fíricí a thuirisciú faoi rún i gcás ina gcreideann siad go bhfuil neamhrialtachtaí tromchúiseacha ann, mar a rialaítear le Cinneadh MECS an 14 Meitheamh 2016 maidir le rialacha inmheánacha a bhaineann le sceithireacht. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(h) den Rialachán;
- (c) a áirithiú go bhféadfaidh baill foirne MECS tuairisciú faoi rún do chomhairleoirí iontaoibhe i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha mar atá sainmhínithe ag Cinneadh MECS an 10 Nollaig 2014. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(h) den Rialachán;
- (d) imscrúduithe a dhéanamh ar ábhair gearáin maidir le gníomhaíochtaí próiseála arna ndéanamh ag na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha, de bhun Airteagal 57(1)(e) den Rialachán. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g)(h) den Rialachán;
- (e) imscrúduithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin chun comhlíonadh ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE a fhíorú, de bhun Airteagal 57(1)(f) den Rialachán. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g)(h) den Rialachán;
- (f) imscrúduithe a dhéanamh ar shárúithe féideartha d'fhaisnéis EUCI, bunaithe ar Chinneadh MECS an 18 Feabhra 2014 lena leasaítear a rialacha maidir le slándáil i gcomhair EUCI. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(d)(g)(h) den Rialachán;
- (g) iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí agus ranna uile MECS. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g)(h) den Rialachán;
- (h) cúnaimh agus comhar a sholáthar d'instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile Aontais, nó an méid sin a fháil uathu, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí thuasluaite, mar atá leagtha amach i gcomhaontuithe ábhartha seirbhíse, i meabhráin tuisceana agus i gcomhaontuithe comhair; D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(d)(g)(h) den Rialachán;
- (i) cúnaimh agus comhar a sholáthar d'údaráis náisiúnta tríú tír agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, nó an méid sin a fháil uathu, ar iarratas uathu nó ar a thionscnamh féin, dá bhforáiltear in Airteagal 51 den Rialachán. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g)(h) den Rialachán;

<sup>(?)</sup> Rialachán (CEE, Euratom, ECSC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

- (j) cúnaimh agus comhar a sholáthar d'údaráis phoiblí na mBallstát AE, nó an méid sin a fháil uathu, ar iarratas uathu nó ar a thionscnamh féin. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g)(h) den Rialachán;
- (k) sonraí pearsanta a phróiseáil i ndoiciméid a fuair na comhpháirtithe nó na hidirghabhálaithe i gcomhthéacs an cháis atá i gceist agus ceisteanna á gcur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó idirghabháil á déanamh os comhair na Cúirte, bunaithe ar Airteagal 58(4) den Rialachán. D'fhéadfaí srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(e) den Rialachán;
2. Áirítear sna catagóirí sonraí ná sonraí aitheantais duine nádúrtha, eolas teagmhála, róil ghairmiúla agus cúraimí gairmiúla, faisnéis ar iompar agus feidhmíocht príobháideach agus gairmiúil, agus sonraí airgeadais.
3. Sa chás go bhfuil srian i bhfeidhm, ní mór aird a thabhairt ar bhunús na gceart bunúsach agus na saoirsí agus iad a bheith riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.
4. Déanfar tástáil ar riachtanas agus ar chomhréireacht ar bhonn cás ar chás sula gcuirfeadh srianta i bhfeidhm. Beidh na srianta teoranta don mhéid a bhfuil géarghá leo chun na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach.
5. Chun críocha cuntasachta, déanfaidh MECS taifead a chomhdú ina ndéantar cur síos ar na cúiseanna leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm, cad iad na forais atá i bhfeidhm ina measc siúd atá liostaithe i mír 1, agus toradh na tástála riachtanais agus comhréireachta. Beidh na taifid sin mar chuid de chlár ad hoc, rud a chuirfeadh ar fáil ar iarratas chuig MECS. Cuirfeadh tuarascáil ar fáil go tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm Airteagal 25 den Rialachán.
6. Agus sonraí pearsanta arna malartú le heagraíochtaí eile i gcomhthéacs a chuid cúraimí á bpróiseáil aige, rachaidh MECS i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin, agus gheobhaidh sé comhairle uathu, maidir leis na forais ábhartha féideartha chun srianta a chur i bhfeidhm agus riachtanas agus comhréireacht na srianta, seachas go gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí MECS i mbaol.

### Airteagal 3

#### Rioscaí do chearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí

Maidir leis an measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí a bhféadfadh a sonraí pearsanta a bheith faoi réir srianta, mar aon lena dtréimhse choinneála, déantar tagairt dóibh i dtaifead na gníomhaíochtaí próiseála ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán agus, más infheidhme, i measúnuithe tionchair ábhartha ar chosaint sonraí bunaithe ar Airteagal 39 den Rialachán.

### Airteagal 4

#### Tréimhsí stórála agus cosaintí

Cuirfidh MECS cosaintí i bhfeidhm chun cosc a chur le mí-úsáid nó ar rochtain nó aistriú neamhdhleathach sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srianta. Áireofar leis na cosaintí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla agus déanfar iad a mhionsonrú, de réir mar is gá, i gcinntí inmheánacha MECS, i nósanna imeachta agus i rialacha forfheidhmithe. Beidh na nithe seo a leanas sna cosaintí:

- (a) sainmhíniú leordhóthanach ar róil, ar fhreagrachtaí agus ar chéimeanna nós imeachta;
- (b) más infheidhme, timpeallacht leictreonach sábháilte, rud a chuireann cosc le rochtain nó aistriú neamhdhleathach nó taismeach de shonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe;
- (c) más infheidhme, stóráil agus próiseáil sábháilte de dhoiciméid pháipéarbhunaithe.
- (d) faireachán cuí ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil, rud a dhéanfar gach sé mhí ar a laghad. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh freisin nuair a athrófar gnéithe bunúsacha den chás atá i gceist. Cuirfeadh deireadh leis na srianta sin a luaithe is nach bhfuil cúiseanna leo a thuilleadh.

### Airteagal 5

#### Faisnéis chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí agus athbhreithniú aige

1. Cuirfeadh DPO MECS ar an eolas gan mhoill mhíchúí i gcás ina bhfuil cearta an duine is ábhar do na sonraí srianta i gcomhréir leis an gCinneadh seo agus cuirfeadh rochtain ar an taifead agus ar aon doiciméid atá mar bhonn leis na gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ar fáil dó/di.

2. Féadfaidh DPO MECS athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an tsriain a iarraidh. Cuirfidh MECS a DPO ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an athbhreithnithe a iarraidh.
3. Déanfar rannpháirtíocht DPO MECS sa nós imeachta srianta, lena n-áirítear malartuithe faisnéise, a dhoiciméadú san fhoirm chúí.

#### *Airteagal 6*

##### **Faisnéis a thabhairt do dhaoine is ábhar do na sonraí maidir le srianta ar a gcearta**

1. Áireoidh MECS sna fógraí cosanta sonraí a fhoilsítear ar a shuíomh gréasáin faisnéis ghinearálta do na daoine is ábhar do na sonraí a bhaineann leis na srianta féideartha go léir ar chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí a ndéantar cur síos orthu in Airteagal 2(1). Cumhdóidh an fhaisnéis na cearta sin a d'fhéadfadh a bheith srianta, na cúiseanna agus fad féideartha an tsriain.
2. Ina theannta sin, cuirfidh MECS na daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas duine ar dhuine faoi shrianta atá ar a gcearta faoi láthair nó a bheidh ar a gcearta sa todhcháil gan mhoill mhíchúí agus i bhfoirm scríofa, mar a shonraítear tuilleadh in Airteagal 7,8 agus 9.

#### *Airteagal 7*

##### **An ceart ar fhaisnéis atá le soláthar do dhaoine is ábhar do na sonraí agus cumarsáid maidir le sárúithe sonraí**

1. I gcás ina gcuireann MECS, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a luadh sa Chinneadh seo, srianta ar a gcearta dá dtagraítear in Airteagal 14 go 16 agus 35 den Rialachán, go hiomlán nó i bpáirt, cuirfear daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas maidir leis na príomhchúiseanna ar a raibh cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, agus maidir leis an gceart atá acu gearán a thaisceadh le MECS agus réiteach breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh MECS soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1, sa chás go gcealófaí éifeacht an tsriain tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

#### *Airteagal 8*

##### **Ceart rochtana, ceartaithe, scriosta agus srianadh ar phróiseáil na ndaoine is ábhar do na sonraí**

1. I gcás ina gcuireann MECS, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a luadh sa Chinneadh seo, srianta go hiomlán nó i bpáirt i bhfeidhm ar chearta rochtana ar shonraí pearsanta, ar chearta ceartaithe, ar chearta scriosta agus ar chearta srianadh ar phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 17 go 20 faoi seach den Rialachán, cuirfidh sé an duine is ábhar do na sonraí atá i gceist ar an eolas maidir leis na príomhchúiseanna ar a raibh cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, agus maidir leis an bhféidearthacht atá ann gearán a thaisceadh le MECS agus réiteach breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
2. I gcás ina bhfuil an ceart rochtana srianta go hiomlán nó i bpáirt, ní chuirfidh MECS, le linn dó an gearán a imscrúdú, an duine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas ach amháin faoi cé acu an ndearnadh na sonraí a phróiseáil i gceart agus, mura ndearnadh, cé acu an ndearnadh aon cheartúcháin riachtanacha, i gcomhréir le Airteagal 25(7) den Rialachán.
3. Féadfaidh MECS soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 agus 2, sa chás go gcealófaí éifeacht an tsriain tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

#### *Airteagal 9*

##### **Rúndacht cumarsáide leictreonaí**

1. Faoi chúinsí eisceachtúla, agus i gcomhréir le forálacha agus réasúnaíocht Treoir 2002/58/CE, féadfaidh MECS srian a chur ar an gceart ar rúndacht cumarsáide leictreonaí, dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán. Sa chás seo, déanfaidh MECS imthosca, forais, rioscaí ábhartha agus cosaintí gaolmhara a mhionsonrú i rialacha inmheánacha sonracha.
2. I gcás ina gcuireann MECS srian ar an gceart ar rúndacht cumarsáide leictreonaí, cuirfidh sé an duine is ábhar do na sonraí atá i gceist ar an eolas ina fhreagairt ar an iarratas uathu maidir leis na príomhchúiseanna ar a raibh cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, agus maidir leis an bhféidearthacht atá ann gearán a thaisceadh le MECS nó réiteach breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Féadfaidh MECS soláthar faisnéise a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 agus 2, sa chás go gcealófaí éifeacht an tsriain tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar. Déanfar an measúnú sin ar bhonn cás ar chás.

---

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Aibreán 2019

*Don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*  
Giovanni BUTTARELLI

---